Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

**An Bhruiséil, 5 Iúil 2023**
**(OR. en)**

**11488/23**

**LIMITE**

**COLAC 82**
**POLCOM 147**
**SERVICES 28**
**FDI 16**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0260(NLE)**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 5 Iúil 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 432 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chreat-Chomhaontaithe Ardleibhéil idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Sile, den pháirt eile |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 432 final.

---

Faoi iamh: COM(2023) 432 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

PUBLIC

An Bhruiséil, 5.7.2023
COM(2023) 432 final

2023/0260 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chreat-Chomhaontaithe Ardleibhéil idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Sile, den pháirt eile**

GA GA

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

Is éard atá sa togra atá i gceangal ionstraim dlí lena n-údaraítear tabhairt i gcrích an Chreat-Chomhaontaithe Ardleibhéil idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Sile, den pháirt eile.

Ó thaobh na polaitíochta de, is céim thábhachtach é an Creat-Chomhaontú Ardleibhéil le Poblacht na Sile ('an tSile') chun ról an Aontais Eorpaigh i Meiriceá Theas a neartú, bunaithe ar luachanna uilíocha comhroinnte amhail an daonlathas agus cearta an duine. Réitíonn sé an bealach chun feabhas a chur ar an gcomhar polaitiúil, réigiúnach agus domhanda idir dhá chomhpháirtí atá ar aon intinn le chéile. Beidh tairbhí praiticiúla don dá thaobh i gceist le cur chun feidhme an Chreat-Chomhaontaithe Ardleibhéil, agus is é a bheidh ina bhonn le leasanna polaitiúla níos leithne an Aontais Eorpaigh a chur chun cinn.

Tá an caidreamh idir an tAontas Eorpach agus an tSile bunaithe faoi láthair ar an gComhaontú Comhlachais (dá ngairtear 'an Comhaontú Comhlachais' anseo feasta) idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an tSile, den pháirt eile, a tháinig i bhfeidhm an 1 Márta 2005 (arna chur i bhfeidhm go sealadach ón 1 Feabhra 2003)[1].

Ó síníodh an Comhaontú Comhlachais atá ann faoi láthair 20 bliain ó shin, tá athrú suntasach tagtha ar an domhain. Freagraíonn an Creat-Chomhaontú Ardleibhéil do na hathruithe sin agus tugann sé aghaidh ar dhúshláin dhomhanda nua. Tá an nuashonrú ar an gComhaontú Comhlachais ag teacht chun cinn tráth atá dúshláin dhomhanda nach bhfacthas riamh os comhair shochaithe agus gheilleagair na Sile agus an Aontais mar gheall ar ionradh na Rúise ar an Úcráin. De thoradh iarmhairtí an chogaidh, lena n-áirítear boilsciú domhanda, cur isteach ar shlabhraí soláthair agus an ghéarchéim fuinnimh, is soiléir go bhfuil géarghá le naisc chomhthairbheacha a neartú le comhghuaillithe atá ar aon intinn linn chun dlús a chur leis an aistriú fuinnimh, chun slabhraí soláthair straitéiseacha a threisiú agus chun foinsí soláthair a éagsúlú.

In 2006, ghlac an Coimisiún Eorpach straitéis dar teideal 'an Eoraip Dhomhanda', lena ndearnadh nuachóiriú ar a chlár oibre le haghaidh bheartas trádála an Aontais agus lenar lorgaíodh comhaontuithe trádála níos doimhne. Tá comhaontuithe tugtha i gcrích ag an Aontas le tíortha eile sa réigiún (Comhaontú Trádála leis an gColóim, an Eacuadór, agus an Peiriú, Comhaontú Comhlachais le Meiriceá Láir) agus tíortha eile nach iad, mar atá, *inter alia*, Ceanada, an tSeapáin, an Nua- Shéalainn, Singeapór agus Vítneam.

---

[1] *IO L 26, 31.1.2003.*

Tá 26 Chomhaontú Saorthrádála sínithe ag an tSile le 64 thír, lena n-áirítear leis na Stáit Aontaithe (2004), an tSín (2006) agus an tSeapáin (2007). Chuaigh an tSile isteach freisin i gComhghuaillíocht an Aigéin Chiúin agus Comhpháirtíocht an Aigéin Chiúin agus na hÁise (‘an Comhaontú Cuimsitheach agus Forásach do Chomhpháirtíocht an Aigéin Chiúin’ a thugtar air anois).

Téann na comhaontuithe idirnáisiúnta thuasluaite i bhfad thar uaillmhian agus raon feidhme an Chomhaontaithe Comhlachais atá ann faoi láthair idir an tAontas agus an tSile sna cuid is mó de na réimsí. Dá thoradh sin, chuir an dá Pháirtí in iúl gur spéis leo an Comhaontú Comhlachais a nuachóiriú chun feabhas a chur ar a gcaidreamh polaitiúil agus eacnamaíoch agus chun an comhar agus an trádáil eatarthu a dhoimhniú.

Le linn cruinniú ar imeall an Chruinnithe Mullaigh AE-CELAC a tionóladh i Saintiagó an 26-27 Eanáir 2013, d’aontaigh ceannairí ón Aontas agus ón tSile féachaint ar roghanna chun an Comhaontú Comhlachais a nuachóiriú, 10 mbliana tar éis dó teacht i bhfeidhm. I mí Aibreáin 2015, d’fhormhuinigh an 6ú Comhairle Chomhlachais idir an tAontas agus na Sile bunú na meithle comhpháirtí (‘an Grúpa’) maidir le nuachóiriú an Chomhaontaithe Comhlachais. Ba é ba aidhm don Ghrúpa gníomhaíocht scóipe a dhéanamh trí leibhéal uaillmhéine na caibidlíochta ionchasaí chun an Comhaontú Comhlachais a mheas i ngach réimse. Bhunaigh an Grúpa dhá fhoghrúpa, ceann amháin a bhí freagrach as cúrsaí polaitiúla agus comhar agus an ceann eile as an trádáil. Thug an dá fhoghrúpa a gcuid oibre i gcrích ar ócáid an 14ú Coiste Comhlachais idir an tAontas agus an tSile a tionóladh an 31 Eanáir 2017.

An 13 Samhain 2017, ghlac an Chomhairle Cinneadh lenar údaraíodh an Coimisiún Eorpach agus Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála le tús a chur le caibidlíocht le haghaidh comhaontú nuachóirithe leis an tSile chun teacht in ionad an Chomhaontaithe Comhlachais[2].

Cuireadh tús foirmiúil leis an gcaibidlíocht an 16 Samhain 2017. Rinneadh an chaibidlíocht i gcomhairle le Meitheal na Comhairle um Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib. Chuathas i gcomhairle leis an gCoiste um an mBeartas Trádála maidir leis na codanna den Chomhaontú a bhaineann le trádáil. Cuireadh Parlaimint na hEorpa ar an eolas faoi thoradh na caibidlíochta.

Tháinig an tAontas agus an tSile ar thabhairt i gcrích pholaitiúil na caibidlíochta an 9 Nollaig 2022 sa Bhruiséil. Tá nuachóiriú an Chomhaontaithe Comhlachais bunaithe ar dhá ionstraim dlí:

1. an Creat-Chomhaontú Comhlachais atá i gceangal leis an togra seo, a chuimsíonn a) an colún Polaitiúil agus Comhair agus b) an colún Trádála agus Infheistíochta (forálacha cosanta infheistíochta san áireamh); agus

2. Comhaontú Trádála Eatramhach idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Sile lena gcumhdaítear léirscaoileadh trádála agus infheistíochta. Scoirfidh an Comhaontú Trádála Eatramhach d’fheidhm a bheith aige nuair a thiocfaidh an Creat-Chomhaontú Comhlachais i bhfeidhm.

Leis an gCreat-Chomhaontú Ardleibhéil, cumhdaítear clásail chaighdeánacha an Aontais maidir le cearta an duine, an Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta (ICC), Armáin Ollscriosta (AOS), Mionairm agus Armáin Éadroma (SALW) agus an fhrithsceimhlitheoireacht. Cuimsítear leis freisin comhar i réimsí amhail an tsláinte, an comhshaol, an t-athrú aeráide, rialachas na n-aigéan, fuinneamh, cáin, oideachas agus cultúr, saothar, fostaíocht agus gnóthaí sóisialta, eolaíocht agus teicneolaíocht, agus iompar. Leis an gCreat-Chomhaontú Ardleibhéil tugtar aghaidh freisin ar an gcomhar dlíthiúil, an smacht reachta, sciúradh airgid agus maoiniú na

[2] JOIN/2017/019 final

sceimhlitheoireachta, an choireacht eagraithe agus éilliú. Leathnaíonn an chuid trádála den Chreat-Chomhaontú Ardleibhéil raon feidhme an chreata trádála dhéthaobhaigh atá ann faoi láthair agus déantar é a oiriúnú do na dúshláin nua pholaitiúla agus eacnamaíocha ar fud an domhain, do réaltacht nua na comhpháirtíochta idir an Aontas agus an tSile, agus do leibhéal uaillmhéine na gcomhaontuithe agus na caibidlíochta agus thug an tAontas agus an tSile i gcrích le déanaí.

PUBLIC

Leis an gComhaontú bunaítear creat institiúideach atá comhdhéanta den Chomhairle Chomhpháirteach, den Chomhchoiste agus na Fochoistí agus comhlachtaí eile chun cuidiú leis an gComhairle Chomhpháirteach. Déantar foráil leis an gComhaontú maidir le sásra i dtaca le comhlíonadh oibleagáidí chun aghaidh a thabhairt ar mhainneachtain ag ceann amháin de na Páirtithe oibleagáidí arna nglacadh faoin gCreat-Chomhaontú Ardleibhéil a chomhlíonadh.

Tá sé beartaithe an Comhaontú Trádála Eatramhach a shíniú agus a thabhairt i gcrích i gcomhthráth leis an gCreat-Chomhaontú Ardleibhéil. A luaithe a thabharfar i gcrích é, tiocfaidh an Comhaontú Trádála Eatramhach i bhfeidhm agus fanfaidh sé i bhfeidhm go dtí go dtiocfaidh an Creat-Chomhaontú Ardleibhéil i bhfeidhm. Baineann an togra seo leis an ionstraim dlí lena dtugtar an Creat-Chomhaontú Ardleibhéil i gcrích.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá an Creat-Chomhaontú Ardleibhéil go hiomlán i gcomhréir le fís fhoriomlán an Aontais le haghaidh a chomhpháirtíochta le Meiriceá Laidineach agus le Muir Chairib, mar a leagtar amach sa Teachtaireacht Chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig Comhairle an Aontais Eorpaigh, dar teideal 'An tAontas Eorpach, Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib: ag obair le chéile le haghaidh todhchaí choiteann', arna glacadh an 17 Aibreán 2019. Tá sé ag teacht freisin le Clár Oibre an Choimisiún Eorpaigh le haghaidh 2023 (Eoraip níos láidre sa domhan).

Sa bhreis air sin, tá an Chuid Trádála agus Infheistíochta den Chreat-Chomhaontú Ardleibhéil go hiomlán i gcomhréir leis an straitéis 'Trádáil do Chách' ó mhí Dheireadh Fómhair 2015 ós rud é go ndéanann sí an beartas trádála agus infheistíochta a fhréamhú i gcaighdeáin agus luachanna uilíocha Eorpacha le hais croíleasanna eacnamaíocha, rud a leagann béim níos mó ar fhorbairt inbhuanaithe, cearta an duine, imghabháil cánach, cosaint tomhaltóirí, agus trádáil atá freagrach agus cothrom.

Cuireann an Creat-Chomhaontú Comhlachais creat dlíthiúil cuimsitheach nuachóirithe ar fáil don chaidreamh idir an tAontas agus an tSile agus tagann sé in ionad an Chomhaontaithe Comhlachais atá ann faoi láthair. Thar na blianta, tá roinnt comhaontuithe déthaobhacha earnála tugtha i gcrích ag an Aontas agus an Sile, lena n-áirítear an Comhaontú maidir le Trádáil Fíonta agus an Comhaontú maidir le Trádáil Biotáillí agus Deochanna Cumhraithe (dá ngairtear 'na Comhaontuithe um Fhíonta agus Biotáillí' anseo feasta) i dtaca le haitheantas frithpháirteach agus cosaint ainmniúchán d'fhíonta agus do dheochanna biotáilleacha arna shíniú sa Bhruiséil. Tá na Comhaontuithe um Fhíonta agus Biotáillí, a bhí i gceangal roimhe seo leis an gComhaontú Comhlachais[3], ionchorpraithe sa Chreat-Chomhaontú Ardleibhéil.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an Creat-Chomhaontú Ardleibhéil go hiomlán i gcomhréir le beartais an Aontais Eorpaigh agus ní chuirfidh sé d'fhiacha ar an Aontas Eorpach leasú a dhéanamh ar a rialacha, ar a rialacháin ná ar a chaighdeáin in aon earnáil rialáilte, e.g. rialacha teicniúla agus caighdeáin

[3] Leasaíodh na Comhaontuithe in 2005, 2006, 2009 agus go deireanach in 2022 (IO C287/19 an 28 Iúil 2022).

táirgí, rialacha sláintíochta agus fíteasláintíochta, rialacháin maidir le bia agus sábháilteacht, caighdeáin slándála agus sábháilteachta, rialacha maidir le horgánaigh ghéinmhodhnaithe, cosaint an chomhshaoil nó cosaint tomhaltóirí.

Cuideoidh cur chun feidhme an Chreat-Chomhaontaithe Ardleibhéil leis an Aontas ó thaobh a spriocanna don Chomhaontú Glas a bhaint a amach agus cuirfidh sé chun cinn aistriú glas agus aistriú digiteach atá cothrom agus ionchuimsitheach, lena n-áirítear rannchuidiú le cur i bhfeidhm straitéis an Tairsí Domhanda, sa chaoi go gcuimsíonn sé caibidil maidir le Trádáil agus Forbairt Inbhuanaithe lena nasctar an Creat-Chomhaontú Ardleibhéil le cuspóirí foriomlána an Aontais ó thaobh na forbartha inbhuanaithe de, mar aon lena chuspóirí sonracha i réimsí an tsaothair, an chomhshaoil agus an athraithe aeráide.

Thairis sin, tá Ráitis Chomhpháirteacha maidir le Trádáil agus Forbairt Inbhuanaithe i gceangal leis an gCreat-Chomhaontú Ardleibhéil agus an Comhaontú Trádála Eatramhach, agus déantar foráil ann go dtionscnóidh na Páirtithe, ar theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe Trádála Eatramhaigh, próiseas athbhreithniúcháin foirmiúil ar a ghnéithe trádála agus forbartha inbhuanaithe chun féachaint le forálacha breise a ionchorprú, de réir mar is iomchuí, ar forálacha iad a d'fhéadfadh ceachtar Páirtí a mheas a bheith ábhartha an tráth sin, lena n-áirítear i gcomhthéacs a gcuid forbairtí beartais intíre féin agus an chleachtais is déanaí atá acu ó thaobh conarthaí idirnáisiúnta de. D'fhéadfadh baint a bheith ag na forálacha breise sin, go háirithe, le tuilleadh feabhais a chur ar shásra forfheidhmiúcháin na caibidle maidir le Trádáil agus Forbairt Inbhuanaithe, lena n-áirítear an fhéidearthacht céim chomhlíontachta a chur i bhfeidhm, agus frithbhearta leordhóthanacha mar rogha dheiridh. Gan dochar do thoradh an athbhreithnithe seo, féachfaidh an Páirtithe freisin ar an bhféidearthacht Comhaontú Pháras maidir leis an Athrú Aeráide a chuimsiú mar ghné riachtanacha de na Comhaontuithe amach anseo.

Thairis sin, cosnaíonn an Creat-Chomhaontú Ardleibhéil seirbhísí poiblí go hiomlán agus áirithíonn sé go gcaomhnaítear go hiomlán ceart na rialtas rialáil a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail, agus gur bunphrionsabal forluiteach de an ceart sin.

Tá an comhar sa Taighde agus sa Nuálaíocht i gcomhréir leis an gComhaontú le haghaidh comhar eolaíochta agus teicneolaíochta idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht na Sile, a síníodh i Meán Fómhair 2002 agus a tháinig i bhfeidhm i mí Eanáir 2007.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

### Bunús dlí substainteach

Braitheann an bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(6) CFAE go príomha ar chuspóir agus ar ábhar an Chomhaontaithe. De réir an chásdlí, má léirítear le scrúdú ar bheart de chuid an Aontais go bhfuil dhá chuspóir á saothrú leis nó go bhfuil dhá chomhpháirt ann agus más féidir ceann amháin díobh sin a shainaithint mar phríomhchuspóir nó mar phríomh-chomhpháirt, agus an ceann eile mar chuspóir teagmhasach nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an beart sin a bhunú ar bhunús dlí aonair, eadhon an bunús dlí a éilítear de réir an phríomhchuspóra nó na príomh-chomhpháirte.

I gcorrchás, má chinntear, ar an taobh eile, go saothraítear cuspóirí éagsúla ag an am céanna leis an mbeart, nó go bhfuil comhpháirteanna éagsúla ann, atá nasctha go dlúth gan aon cheann acu a bheith teagmhasach i leith leis an gceann eile, agus ar an gcaoi sin go bhfuil forálacha éagsúla an Chonartha infheidhme, ní mór an beart a bhunú ar na bunúis dlí chomhfhreagracha éagsúla (féach, chuige sin, breithiúnas an 10 Eanáir 2006, *An Coimisiún* v *An Pharlaimint agus An Chomhairle*, C-178/03, AE:C:2006:4, míreanna 42 agus 43; an 11 Meitheamh 2014, *An Coimisiún* v *An Chomhairle*, C-377/12, AE:C:2014:1903, mír 34; an 14

Meitheamh 2016, *An Pharlaimint* v *An Chomhairle*, C-263/14, AE:C:2016:435, mír 44; agus an 4 Meán Fómhair 2018, *An Coimisiún* v *An Chomhairle (An Chasacstáin)*, C-244/17, ECLI:EU:C:2018:662, mír 40).

Sa chás áirithe sin, tá dhá phríomhchuspóir ag an gCreat-Chomhaontú Ardleibhéil agus tá dhá phríomh-chomhpháirt aige a thagann faoi raon feidhme an chomhbheartais tráchtála, an iompair, agus an chomhair eacnamaíoch, airgeadais agus theicniúil le tríú tíortha. Dá bhrí sin, is iad Airteagail 91, 100(2), 207 agus 212[4] den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) ba cheart a bheith i mbunús dlí an chinnidh atá beartaithe.

**Bunús dlí don nós imeachta**

Foráiltear le hAirteagal 218(6)(a)(iii) CFAE, i gcás ina mbunaítear le comhaontú creat sonrach institiúideach trí nósanna imeachta um chomhar a eagrú, go nglacfaidh an Chomhairle cinneadh lena dtabharfar an comhaontú i gcrích tar éis di toiliú a fháil ó Pharlaimint na hEorpa.

Foráiltear le hAirteagal 218(8) CFAE go bhfuil an Chomhairle le gníomhú trí thromlach cáilithe seachas sna himthosca a liostaítear sa dara fomhír d'Airteagal 218(8) CFAE agus sna himthosca sin tá an Chomhairle le gníomhú d'aon toil. Ós rud é gurb iad an beartas trádála agus an comhar eacnamaíoch, airgeadais agus teicniúil le tríú tíortha na príomh-chomhpháirteanna den Chomhaontú, is é an tromlach cáilithe an riail vótála a bheidh ann sa chás áirithe seo.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

An 13 Samhain 2017, ghlac an Chomhairle Cinneadh lenar údaraíodh an Coimisiún Eorpach agus Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála le tús a chur le caibidlíocht le haghaidh comhaontú nuachóirithe leis an tSile chun teacht in ionad an Chomhaontaithe Comhlachais.

Na codanna sin den Chreat-Chomhaontú Ardleibhéil a thagann faoi inniúlacht an Aontais a roinntear leis na Ballstáit, cumhdaíonn siad réimsí beartais agus gnéithe a chumasaíonn gníomhaíocht sheachtrach a dhéanamh ar leibhéal an Aontais. Sna réimsí beartais ina ndearnadh gníomhaíocht rialála ar leibhéal an Aontais, is léir gurb é an tAontas a fheidhmeoidh an ghníomhaíocht sheachtrach (Airteagal 3(2) CFAE). Ina theannta sin, chun comhar fóinteach a bhaint amach agus chun seasamh caibidlíochta níos láidre a bheith ann i leith na Sile, measadh go raibh gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais níos inmhianaithe ná gníomhaíocht ar leibhéal na mBallstát aonair. Dá bhrí sin, measadh go raibh gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais níos éifeachtaí ná gníomhaíocht ar an leibhéal náisiúnta.

- **Comhréireacht**

Leis an tionscnamh seo, saothraítear go díreach cuspóirí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais agus rannchuidítear leis an tosaíocht pholaitiúil 'an tAontas Eorpach a bheith ina ghníomhaí domhanda níos láidre'. Is i gcomhréir le treoshuíomhanna Straitéis Dhomhanda an Aontais Eorpaigh atá sé dul i gcaidreamh le Tíortha eile agus ár gcomhpháirtíochtaí seachtracha a athchóiriú ar bhealach freagrach, ionas go mbainfear amach tosaíochtaí seachtracha an Aontais. Cuireann sé le cuspóirí an Aontais maidir le trádáil agus comhar eacnamaíoch agus teicniúil le tríú tíortha.

**Rinneadh caibidlíocht don Chreat-Chomhaontú Ardleibhéil leis an tSile i gcomhréir leis na treoracha caibidlíochta arna leagan amach ag an gComhairle. Ní théann toradh na**

[4] Ní fhaigheann an tSile Cúnamh Forbartha Oifigiúil i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach ag Coiste Cúnaimh Forbartha ECFE don tréimhse 2022 agus 2023.



PUBLIC

**caibidlíochta thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí beartais a leagtar amach sna treoracha caibidlíochta a bhaint amach.**

- **An rogha ionstraime**

Tá an togra seo i gcomhréir le hAirteagal 218(6)(a) CFAE, lena mbeartaítear go nglacfadh an Chomhairle cinneadh lena dtabharfar an comhaontú idirnáisiúnta i gcrích tar éis toiliú a fháil ó Pharlaimint na hEorpa. Níl aon ionstraim dlí eile ann a d'fhéadfaí a úsáid chun an cuspóir a chuirtear in iúl sa togra seo a bhaint amach.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Choimisiúnaigh an Coimisiún 'Meastóireacht ar Thionchar Eacnamaíoch Cholún Trádála an Chomhaontaithe Comhlachais idir an tAontas agus an tSile' agus tugadh chun críche é i mí an Mhárta 2012. Choimisiúnaigh an Coimisiún 'Staidéar *ex-ante* maidir le Nuachóiriú Féideartha ar an gComhaontú Comhlachais idir an tAontas agus an tSile' lenar breathnaíodh ar roghanna le haghaidh nuachóiriú agus tugadh chun críche é i mí Feabhra 2017.

Léirigh na measúnuithe sin gur cé go raibh cumhdach an cholúin trádála atá ann faoi láthair cuimsitheach an tráth sin, go raibh deis ann na rialacha a fheabhsú a thuilleadh agus rochtain bhreise ar an margadh a bhaint amach. Ba é a chonclúid freisin gur ghá an Comhaontú Comhlachais a thabhairt cothrom le dáta de réir na forbartha atá tagtha ar chomhthéacs na trádála domhanda.

Thairis sin, choimisiúnaigh an Coimisiún 'Measúnú Tionchair Inbhuanaitheachta mar Thaca leis an gCaibidlíocht le haghaidh Nuachóiriú na Coda Trádála den Chomhaontú Comhlachais leis an tSile' agus tugadh chun críche é i mí na Bealtaine 2019.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Rinne na conraitheoirí le haghaidh na staidéar seachtrach a rinneadh roinnt gníomhaíochta comhairliúcháin agus for-rochtana, lena n-áirítear: suíomhanna gréasáin tiomnaithe le haghaidh doiciméid agus gníomhaíochtaí a bhain leis na staidéir; suirbhéanna ar líne ar pháirtithe leasmhara; agus agallaimh aonair.

I gcomhthéacs an Mheasúnaithe Tionchair, chuaigh Ard-Stiúrthóireacht na Trádála i gcomhairle le páirtithe leasmhara, lena n-áirítear gnólachtaí, páirtithe leasmhara ón tsochaí shibhialta, ceardchumainn mar aon le comhlachais trádála, comhlachais tráchtála agus leasanna príobháideacha eile maidir leis an nuachóiriú. Bhí gníomhaíochtaí comhairliúcháin éagsúla, lena n-áirítear comhairliúchán poiblí oscailte ar líne i gceist leis an comhairliúcháin sin le páirtithe leasmhara.

A bhuí leis na staidéir sheachtracha sin agus na comhairliúcháin a reáchtáladh i gcomhthéacs a n-ullmhúcháin, fuair an Coimisiún ionchur a bhí an-luachmhar le haghaidh chaibidlíocht an Chreat-Chomhaontaithe Ardleibhéil.

Le linn na caibidlíochta, eagraíodh cruinnithe freisin chun eolas a thabhairt d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta maidir le stádas na caibidlíochta agus chun tuairimí a mhalartú maidir leis an nuachóiriú.

Rinneadh caibidlíocht i gcomhairle le Meitheal na Comhairle um Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib maidir le gnéithe polaitiúla agus comhair an Chomhaontaithe seo, agus i gcomhairle leis an gCoiste um an mBeartas Trádála maidir le gnéithe trádála an

Chomhaontaithe seo, mar an coiste speisialta arna ainmniú ag an gComhairle i gcomhréir le hAirteagal 218(4) CFAE. Cuireadh Parlaimint na hEorpa agus Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ar an eolas go rialta freisin tríd an gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta (INTA), go háirithe a Ghrúpa Faireacháin maidir leis an tSile, agus tríd an gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha. Na téacsanna a tháinig as an gcaibidlíocht de réir a chéile, scaipeadh iad ar an dá institiúid le linn an phróisis.

PUBLIC

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Rinne an conraitheoir seachtrach 'Itaqa SARL' an *'Meastóireacht ex-post ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe Saorthrádála idir an tAontas agus an tSile'*.

Is é an conraitheoir seachtrach 'Ecorys-Cás' a rinne an *'Staidéar ex ante maidir le Nuachóiriú Féideartha ar an gComhaontú Comhlachais idir an tAontas agus an tSile'*.

Rinne an conraitheoir seachtrach 'BKP Development Research & Consulting' an '*Measúnú Tionchair Inbhuanaitheachta (COSN) chun tacú leis an gcaibidlíocht chun colún trádála an Chomhaontaithe Comhlachais leis an tSile a nuachóiriú*'.[5]

- **Measúnú tionchair**

Thacaigh Measúnú Tionchair a foilsíodh i mí na Bealtaine 2017[6] leis an togra agus tugadh tuairim dhearfach faoi (SWD/2017/0173 final).

Thángthas ar an gconclúid sa Mheasúnú Tionchair go mbeadh tairbhí dearfacha ag baint le caibidlíocht chuimsitheach le haghaidh an Aontais agus na Sile araon. I measc na dtairbhí sin bhí méaduithe ar OTI, ar leas sóisialta agus ar onnmhairí, ar fhostaíocht, ar phá (d'fhostaithe ar bheagán oiliúint agus d'fhostaithe atá níos oilte araon), ar iomaíochas, chomh maith le staid fheabhsaithe don Aontas agus don tSile araon i ndáil le hiomaitheoirí domhanda eile. Bheadh tionchar dearfach ag forálacha maidir le forbairt inbhuanaithe ar chur chun cinn agus ar urramú chearta an duine chomh maith le cur chun feidhme éifeachtach chroíchaighdeáin saothair na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS).

Ina theannta sin, leis an Measúnú Tionchair Inbhuanaitheachta (COSN) a rinneadh le linn na caibidlíochta, soláthraítear measúnú cuimsitheach ar na tionchair eacnamaíocha, shóisialta agus chomhshaoil a d'fhéadfadh a bheith ag léirscaoileadh trádála méadaithe faoin gCreat-Chomhaontú Ardleibhéil san Aontas agus sa tSile. Déantar anailís in COSN freisin ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag an nuachóiriú ar Chearta an Duine agus ar na hearnálacha monaraíochta, talmhaíochta agus seirbhísí.

Tháinig an tAontas agus an tSile ar chomhaontú uaillmhianach i gcomhréir leis na comhaontuithe trádála is déanaí amhail CETA, an tSeapáin agus an Nua-Shéalainn. Leis an gComhaontú, cuirfear deiseanna nua ar fáil don trádáil agus don infheistíocht sna margaí araon agus tacófar le poist san Aontas.

Déanfaidh an Creat-Chomhaontú Ardleibhéil, *inter alia*, an chuid is mó de na dleachtanna custaim a bhaint, rochtain ar chonarthaí poiblí a leathnú, margadh na seirbhísí a oscailt suas, dálaí intuartha a chur ar fáil d'infheisteoirí agus cuidiú le cosc a chur ar chóipeáil neamhdhleathach nuálaíochtaí agus táirgí traidisiúnta an Aontais. Tá na ráthaíochtaí uile sa Chreat-Chomhaontú Ardleibhéil freisin lena chinntiú nach rachaidh na tairbhí eacnamaíocha

5 https://policy.trade.ec.europa.eu/analysis-and-assessment/sustainability-impact-assessments_en#chile

6 https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX:52017SC0173

chun dochair do chearta bunúsacha, do chaighdeáin shóisialta, do cheart rialála rialtas, do chosaint an chomhshaoil ná do shláinte agus sábháilteacht tomhaltóirí.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Níl an comhaontú saorthrádála faoi réir nósanna imeachta REFIT. Mar sin féin, tá creat ann le haghaidh nósanna imeachta simplithe trádála agus infheistíochta, laghdú ar chostais onnmhairiúcháin agus infheistíochta agus, dá bhrí sin, méadóidh sé deiseanna trádála agus infheistíochta d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide. I measc na dtairbhí a bhfuiltear ag súil leo tá trédhearcacht mhéadaithe, rialacha teicniúla nach bhfuil an oiread ualaigh ag baint leo, ceanglais chomhlíonta, nósanna imeachta custaim agus rialacha tionscnaimh, cosaint fheabhsaithe do chearta maoine intleachtúla agus do thásca geografacha, cosaint infheistíochta, rochtain níos fearr ar nósanna imeachta tairisceana soláthair, chomh maith le caibidil speisialta chun a chur ar chumas FBManna an tairbhe is mó is féidir a bhaint as an gComhaontú.

- **Cearta bunúsacha**

Ní dhéanann an togra aon difear do chosaint chearta bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Beidh tionchar diúltach teoranta ag an gcuid trádála de Chomhaontú nuachóirithe ar bhuiséad an Aontais i bhfoirm dhíothú na ndleachtanna custaim mar gheall ar léirscaoileadh taraifí. Táthar ag súil le tionchair dhearfacha indíreacha i dtéarmaí méaduithe ar acmhainní atá nasctha le cáin bhreisluacha agus le hollioncam náisiúnta.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Cuimsíonn an Creat-Chomhaontú Ardleibhéil forálacha institiúideacha lena mbunaítear comhlachtaí comhpháirteacha chun faireachán leanúnach a dhéanamh ar a chur chun feidhme, ar a oibriú agus ar a thionchar.

Is Comhairle Chomhpháirteach agus Comhchoiste agus Fochoiste um fhorbairt agus um chomhar idirnáisiúnta, arna mbunú faoin gcomhaontú, atá sa struchtúr institiúideach. Féadfaidh an Chomhairle Chomhpháirteach nó an Comhchoiste fochoistí nó comhlachtaí eile a bhunú chun aghaidh a thabhairt ar chúraimí sonracha nó ar ábhair shonracha. Cuideoidh an Comhchoiste leis an gComhairle Chomhpháirteach ó thaobh a feidhm a chomhlíonadh agus déanfaidh sé maoirseacht ar obair na bhfochoistí agus na gcomhlachtaí eile uile a bunaíodh faoin gCreat-Chomhaontú Ardleibhéil.

Le forálacha institiúideacha na Coda Trádála agus Infheistíochta den Chreat-Chomhaontú Ardleibhéil, bunaítear feidhmeanna agus cúraimí sonracha na Comhairle Comhpháirtí agus an Chomhchoiste a dhéanfaidh faireachán leanúnach ar chur chun feidhme agus ar chur i bhfeidhm an Chreat-Chomhaontaithe Ardleibhéil. Agus cúrsaí trádála agus infheistíochta á bplé acu, tiocfaidh an Chomhairle Chomhpháirteach agus an Comhchoiste le chéile i bhfoirmíocht trádála.

- **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

Neamhbhainteach.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Leathnaíonn an Creat-Chomhaontú Ardleibhéil raon feidhme an chreata dhéthaobhaigh atá ann faoi láthair agus déantar é a oiriúnú do na dúshláin nua pholaitiúla agus eacnamaíocha ar

fud an domhain, do réaltacht nua na comhpháirtíochta idir an Aontas agus an tSile, agus do leibhéal uaillmhéine na gcomhaontuithe agus na caibidlíochta a thug an tAontas agus an tSile i gcrích le déanaí.

Cruthaíonn an Creat-Chomhaontú Ardleibhéil creat comhleanúnach, cuimsitheach, cothrom le dáta atá ceangailteach ó thaobh an dlí de do chaidreamh an Aontais leis an tSile. Glacann sé air féin comhpháirtíocht straitéiseach neartaithe a bhunú, idirphlé polaitiúil a threisiú, agus an comhar a dhoimhniú agus a fheabhsú maidir le saincheisteanna leasa choitinn. San am céanna, cothóidh an Creat-Chomhaontú Ardleibhéil trádáil agus infheistíocht trí rannchuidiú le leathnú agus le héagsúlú an chaidrimh eacnamaíoch agus trádála.

Cuimsíonn an Creat-Chomhaontú Ardleibhéil freisin sásra comhairliúcháin leis an tsochaí shibhialta a leathnaítear chuig an gComhaontú iomlán chun go mbeidh an tsochaí shibhialta ar an dá thaobh in ann éisteacht a fháil maidir le forálacha uile an Chomhaontaithe.

Tá an Creat-Chomhaontú Ardleibhéil roinnte ina cheithre chuid. Leagtar amach cuspóirí agus prionsabail ghinearálta an Chomhaontaithe i gCuid I (Prionsabail Ghinearálta agus Cuspóirí). Is gnéithe bunriachtanacha den Chomhaontú iad urraim do phrionsabail an daonlathais, do chearta an duine agus do shaoirsí bunúsacha agus do phrionsabal an smachta reachta chomh maith leis an gclásal maidir le neamhleathadh arm ollscriosta.

I gCuid II (Idirphlé Polaitiúil agus Comhar), gabhann an tAontas agus an tSile orthu féin an t-idirphlé agus an comhar a dhoimhniú sna réimsí seo a leanas:

- Idirphlé Polaitiúil, Beartas Eachtrach, Síocháin agus Slándáil Idirnáisiúnta, Rialachas agus Cearta an Duine
- Ceartas, Saoirse agus Slándáil
- Forbairt Inbhuanaithe
- Comhpháirtíocht Eacnamaíoch, Shóisialta agus Chultúrtha
- Réimsí eile (beartais mhaicreacnamaíocha, cúrsaí cánach, beartas tomhaltóirí, sláinte phoiblí, spórt agus gníomhaíocht choirp)
- Nuachóiriú ar an Stát, agus ar an tSeirbhís Phoiblí, Dílárú, Beartas Réigiúnach agus Comhar Idirinstitiúideach

Leagtar béim ar réimse leathan saincheisteanna ríthábhachtacha, lena n-áirítear cosaint an chomhshaoil, an t-athrú aeráide, fuinneamh inbhuanaithe, rialachas na n-aigéan, an smacht reachta, cearta an duine agus cearta na mban, iompar freagrach gnó, cearta saothair agus laghdú rioscaí tubaiste. Le forálacha i gCuid II ceadófar gníomhaíocht níos comhordaithe agus níos comhchoitinne i réimsí nua amhail sláinte phoiblí, nuachóiriú stáit, bainistiú sreafaí imirce, neamhleathadh AOS, sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta agus cibearchoireachta.

Mar thoradh air sin, beidh comhpháirtíocht níos láidre ann ar an leibhéal domhanda e.g. maidir le clár oibre 2030, an ghníomhaíocht i gcoinne an athraithe aeráide, rialachas na n-aigéan agus saincheisteanna a bhaineann le rialachas daonlathach domhanda agus cearta an duine, imirce idirnáisiúnta, síocháin agus slándáil.

Tá forálacha i gCuid II freisin chun an t-idirphlé agus an comhar maidir le hábhair frithéillithe a dhoimhniú. Tá Prótacal sa Chomhaontú ina bhfuil forálacha chun éilliú i dtrádáil agus in infheistíocht a chomhrac agus a chosc.

Is iad cuspóirí fhorálacha an Phrótacail sin éilliú sa trádáil agus san infheistíocht a chosc trí bhearta éagsúla, go háirithe trí ionracas a chur chun cinn san earnáil phríobháideach agus

PUBLIC

phoiblí, trí rialuithe inmheánacha, iniúchóireacht sheachtrach agus tuairisciú airgeadais a fheabhsú agus tríd an gcomhrac i gcoinne an éillithe atá á shaothrú cheana trí choinbhinsiúin idirnáisiúnta a neartú, go háirithe Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh an éillithe (UNCAC).

I ndáil leis an méid sin, athdhearbhaíonn na Páirtithe go bhfuil rún daingean acu cion coiriúil a dhéanamh den éilliú i gcás oifigigh rialtais agus an t-éilliú a mheas mar chion i gcás gnólachtaí. D'aontaigh an dá thaobh le disciplíní áirithe chun dul i ngleic le sciúradh airgid.

Cuireann an Prótacal rannpháirtíocht ghníomhach na sochaí sibhialta chun cinn freisin i gcosc agus i gcomhrac an éillithe. Foráiltear leis freisin maidir le sásra comhairliúcháin i gcás easaontais maidir le léirmhíniú nó cur chun feidhme na bhforálacha frithéillithe.

I gCuid III (trádáil agus ábhair a bhaineann le trádáil), is é an príomhchuspóir beartais atá á saothrú ag an Aontas agus ag an tSile an Comhaontú Comhlachais a chur in oiriúint do na réaltachtaí nua agus creat nua a leagan síos dá gcaidreamh déthaobhach trádála agus infheistíochta i gcomhréir leis an nglúin is déanaí de chomhaontuithe trádála arna dtabhairt i gcrích nó atá á gcaibidliú ag an tSile nó ag an Aontas, faoi seach.

I gcomhréir leis na cuspóirí a leagtar síos sna treoracha caibidlíochta, cuirfidh Cuid III den Creat-Chomhaontú Ardleibhéil an méid seo a leanas ar fáil:

- Rochtain níos fearr ar an margadh d'onnmhairí talmhaíochta agus iascaigh agus rialacha feabhsaithe
- Rialacha tionscnaimh simplithe
- Nósanna imeachta teorann nuachóirithe agus simplithe
- Trádáil chóir agus dálaí gnó a áirithiú
- Inbhuanaitheacht a áirithiú
- Díriú ar riachtanais gnólachtaí beaga
- Deiseanna do sholáthraithe seirbhíse agus rialacha maidir le trádáil dhigiteach
- Infheistíocht a spreagadh
- Rochtain ar thairiscintí poiblí na Sile
- Cosaint níos fearr a shocrú don nuálaíocht agus do shaothair chruthaitheacha
- Trádáil shábháilte inbhuanaithe i dtáirgí agraibhia a áirithiú
- A áirithiú go bhfuil rialacháin theicniúla, caighdeáin theicniúla agus nósanna imeachta um measúnú comhréireachta neamh-idirdhealaitheach agus nach gcruthaíonn siad bacainní nach bhfuil gá leo ar thrádáil
- Trédhearcacht agus Dea-Chleachtais Rialála
- Nósanna Imeachta Nua-Aimseartha maidir le Réiteach Díospóidí

I g**<u>Cuid IV (an Creat Ginearálta Institiúideach)</u>** tá na forálacha ginearálta, institiúideacha agus críochnaitheacha. Bunaítear leis an gcomhaontú creat institiúideach atá comhdhéanta de Chomhairle Chomhpháirteach, Comhchoiste agus roinnt Fochoistí. Leagtar amach ann struchtúir chun dul i mbun idirphlé leis an tsochaí shibhialta. Tugtar isteach leis nós imeachta chun aghaidh a thabhairt ar chásanna ina mainníonn páirtí a oibleagáidí faoin gComhaontú a chomhlíonadh.

PUBLIC

Foráiltear leis an gComhaontú gur féidir é a chur i bhfeidhm go sealadach go hiomlán nó go páirteach. Tugtar i gcrích é ar feadh tréimhse éiginnte ama agus tagann sé in ionad an Chomhaontaithe Comhlachais agus an Chomhaontaithe Trádála Eatramhaigh.

PUBLIC

2023/0260 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chreat-Chomhaontaithe Ardleibhéil idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Sile, den pháirt eile

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 91(1), 100(2), 207 agus 212, i gcomhar le hAirteagal 218(6)(a) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa[7],

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le Cinneadh Uimh. [XX] ón gComhairle[8], rinneadh an Creat-Chomhaontú Ardleibhéil idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Sile, den pháirt eile (‘an Comhaontú’), a shíniú an [XX XXX 2023], faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí. An lá céanna, d’fhormhuinigh an tAontas Eorpach agus Sile an Ráiteas Comhpháirteach maidir le Trádáil agus Forbairt Inbhuanaithe atá sa Chreat-Chomhaontú Ardleibhéil idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Sile, den pháirt eile (‘Ráiteas Comhpháirteach’).

(2) Ba cheart an Comhaontú agus an Ráiteas Comhpháirteach a fhormheas thar ceann an Aontais.

(3) De bhun Airteagal 218(7) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais, is iomchuí an Coimisiún a údarú chun formheas a dhéanamh thar ceann an Aontais ar an seasamh atá le glacadh maidir le modhnuithe áirithe ar an gComhaontú atá le glacadh le nós imeachta simplithe de bhun Airteagail 28.20 agus 41.7(14) den Chomhaontú, agus ag comhlacht arna chur ar bun faoin gComhaontú de bhun Airteagal 32.34 agus fomhír (a)(x) d’Airteagal 8.5(1) den Chomhaontú.

(4) Ní rud é an Comhaontú, i gcomhréir lena Airteagal 41.10, lena ndéantar cearta a bhronnadh ná oibleagáidí a fhorchur ar dhaoine, laistigh den Aontas, seachas orthu siúd a cruthaíodh idir na Páirtithe faoin dlí idirnáisiúnta phoiblí,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

### *Airteagal 1*

1. Leis seo, déantar an Comhaontú a fhormheas thar ceann an Aontais.

2. Leis seo, déantar an Ráiteas Comhpháirteach a fhormheas thar ceann an Aontais.

---

[7] IO C , , lch. .

[8] [Tagairt le cur isteach]

3. Tá téacsanna an Chomhaontaithe agus an Ráitis Chomhpháirtithe i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Chun críocha Airteagal 28.20 den Chomhaontú, na modhnuithe nó na ceartúcháin a mhéid a bhaineann le hIarscríbhinn 28-A agus 28-B a ghabhann leis an gComhaontú, déanfaidh an Coimisiún iad a fhormheas thar ceann an Aontais.

*Airteagal 3*

Chun críocha Airteagal 32.34 agus fomhír (a)(x) d'Airteagal 8.5(1) den Chomhaontú, déanfaidh an Coimisiún an leasú ar Iarscríbhinn 32-C den Chomhaontú a fhormheas thar ceann an Aontais.

*Airteagal 4*

Chun críocha Airteagal 41.7(14) den Chomhaontú, an leasú ar na foscríbhinní a ghabhann leis an gComhaontú maidir le Trádáil i bhFíonta in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an gComhaontú Comhlachais arna shíniú ag na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus ag Poblacht na Sile, den pháirt eile, an 18 Samhain 2002 ('an Comhaontú Comhlachais'), arna ionchorprú sa Chomhaontú, déanfaidh an Coimisiún é a fhormheas thar ceann an Aontais.

Chun críocha Airteagail 41.7(14) den Chomhaontú, an leasú ar na foscríbhinní a ghabhann leis an gComhaontú maidir le Trádáil Biotáillí agus Deochanna Cumhraithe in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an gComhaontú Comhlachais, déanfaidh an Coimisiún é a fhormheas thar ceann an Aontais.

*Airteagal 5*

Leis seo údaraítear an Coimisiún an duine nó na daoine a ainmniú a mbeidh sé de chumhacht aige nó acu dul ar aghaidh, thar ceann an Aontais, chun an fógra dá bhforáiltear in Airteagal 41.5, mír 1, de Chaibidil 41 den Chomhaontú a dhéanamh, chun toiliú an Aontais a bheith faoi cheangal ag an gComhaontú a chur in iúl.

*Airteagal 6*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an […] ó lá a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC